AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.11.2021
COM(2021) 672 final

2021/0350 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála i ndáil le roinnt cinntí a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh. Baineann an togra seo leis na réimsí seo a leanas:

1. Fóirdheontais iascaigh
2. Trádáil agus sláinte
3. Bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, i gcúinsí phaindéim COVID-19 agus paindéimí eile
4. Feabhas ar thrédhearcacht san earnáil talmhaíochta
5. Tacaíocht intíre don earnáil talmhaíochta
6. Stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha na slándála bia
7. Srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta, lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú
8. Iomaíocht onnmhairiúcháin san earnáil talmhaíochta
9. Rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta
10. Sásra coimirce speisialta (SSM) san earnáil talmhaíochta
11. Athbhreithniú ar an gComhthuiscint maidir le forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta (Cinneadh Bali maidir le TRQ)
12. An cadás
13. Na Tíortha is Lú Forbairt (LDCanna) agus Cóireáil Speisialta, Dhifreálaithe (SDT)
14. Fógraí
15. Saincheisteanna trádála

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (‘Comhaontú WTO’)

Is é is aidhm don Chomhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (‘Comhaontú EDT’) na cuspóirí a luaitear sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú a bhaint amach. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú[1]. Is páirtithe iad gach ceann de na 27 mBallstát sa Chomhaontú freisin. Féadfaidh EDT cinntí a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gComhaontú EDT.

[1] Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin, IO L 336 23.12.1994, lch. 1.

2.2. Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála

Is í an Chomhdháil Aireachta an comhlacht cinnteoireachta is airde in EDT agus tagann sí le chéile gach dhá bhliain ar a laghad. Bíonn sé de nós aici cinntí a dhéanamh trí chomhdhearcadh.

Reáchtálfar an chéad chruinniú eile den Chomhdháil Aireachta i nGinéiv na hEilvéise (an 30 Samhain - an 3 Nollaig 2021).

2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Comhdháil Aireachta EDT

An 3 Nollaig, tá coinne leis go nglacfaidh an 12ú Comhdháil Aireachta EDT ('MC12') roinnt cinntí maidir leis an méid seo a leanas:

1. Fóirdheontais iascaigh
2. Trádáil agus sláinte
3. Bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, i gcúinsí phaindéim COVID-19 agus paindéimí eile
4. Feabhas ar thrédhearcacht san earnáil talmhaíochta
5. Tacaíocht intíre don earnáil talmhaíochta
6. Stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha na slándála bia
7. Srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta, lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú
8. Iomaíocht onnmhairiúcháin san earnáil talmhaíochta
9. Rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta
10. Sásra coimirce speisialta (SSM) san earnáil talmhaíochta
11. Athbhreithniú ar an gCinneadh Bali maidir le Taraif-Chuótaí (TRQ)
12. An cadás
13. Na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus Cóireáil speisialta, dhifreálaithe (SDT)
14. Fógraí
15. Saincheisteanna trádála

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is cuspóir don togra seo é a chur ar a chumas don Aontas páirt a ghlacadh i gcomhdhearcadh a d'fhéadfaí a bhaint amach in EDT, comhdhearcadh maidir leis an gComhdháil Aireachta na gníomhartha beartaithe a ghlacadh.

Cé nach bhfuil sé soiléir go fóill an mbeidh Comhaltaí EDT in ann teacht ar chomhdhearcadh nó a mhéid a bheidh siad in ann teacht air, ní mór don Chomhairle seasamh an Aontais a shocrú roimh ré de bhun Airteagal 218(9) CFAE[2].

[2] Dá mba rud é, in aghaidh an mhéid a bhfuil coinne leis, go ndéanfaí an comhdhearcadh a chur ar bhonn foirmiúil i gcomhaontú idirnáisiúnta lena leasófaí Comhaontú EDT nó i gcomhaontú idirnáisiúnta iltaobhach i measc roinnt Chomhaltaí EDT, dhéanfadh an Coimisiún na tograí ba ghá, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE tar éis ghlacadh na dtéacsanna agus a n-oscailte le haghaidh glactha ag MC12 nó ag Comhaltaí EDT lena mbaineann le linn MC12.

Seasamh an Aontais chun tacú le síneadh a chur leis an moratóir ar dhleachtanna custaim ar thras-seoltaí leictreonacha agus leis an moratóir ar na gearáin sin dá bhforáiltear faoi Airteagal XXIII, fomhíreanna 1(b) agus 1(c) de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (gearáin i gcás nach bhfuil sárú ann agus gearáin staide), ní mór a mheabhrú nach n-aireofar an seasamh sin sa togra toisc go bhforálann Cinneadh (AE) 2015/2236 ón gComhairle an 27 Samhain 2015 gur féidir é sin a dhéanamh ar feadh tréimhse éiginnte.

Cuimsíonn an togra atá ann faoi láthair na saincheisteanna seo a leanas ar féidir cinntí a dhéanamh ina leith:

- **Fóirdheontais iascaigh:** I Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14, Sprioc 6, de chuid na Náisiún Aontaithe ('SDG 14.6)', sprioc arna comhaontú ag na Cinn Stáit in 2015 agus i gCinneadh Aireachta EDT an 13 Nollaig 2017 (WT/MIN(17)/64), foráiltear maidir le comhaontú iltaobhach a bhaint amach i dtaca le rialacha a bhaineann le deireadh a chur le fóirdheontais iascaigh áirithe. Tá an chaibidlíocht ar siúl faoi láthair agus ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

- **Trádáil agus Sláinte:** Cuireadh tús leis an bplé maidir le saincheisteanna Trádála agus Sláinte in 2020 le togra ó 13 thír de chuid EDT a bhí ar aon intinn ('an Grúpa Ottawa') an 24 Samhain 2020 (WTO/GC/223) d'fhonn Tionscnamh Trádála agus Sláinte a chomhaontú mar fhreagairt ar an bpaindéim atá ann faoi láthair agus ar phaindéimí a bheidh ann amach anseo. Bhí an tAontas Eorpach ar cheann de na chéad tacadóirí a thacaigh leis an tionscnamh, ar togra é inar moladh roinnt gníomhaíochtaí a bhain, go háirithe, le srianta ar onnmhairiú, le bearta a éascaíonn an trádála agus leis an trédhearcacht fheabhsaithe. Ina theannta sin, spreag an togra EDT chun dul i mbun comhair níos dlúithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile maidir le hullmhúcháin i gcomhair géarchéimeanna. De réir a chéile, mhéadaigh líon na gcomhuarraitheoirí go 26. Moladh togra athbhreithnithe le haghaidh dréacht-Dearbhú ón gComhairle Ghinearálta os comhair EDT an 15 Iúil 2021 (WT/GC/W/823) maidir leis an bhfreagairt bheartais trádála ar phaindéim COVID-19 agus chun an tseasmhacht i gcoinne phaindéimí amach anseo a fheabhsú. Ba cheart don Aontas tacú le toradh féideartha sa réimse sin maidir le srianta ar onnmhairiú, bearta a éascaíonn an trádáil, trédhearcacht fheabhsaithe agus eilimintí eile atá sa togra is deireanaí le haghaidh dréacht-Dearbhú ón gComhairle Ghinearálta. D'fhéadfadh clár oibre EDT le haghaidh na hoibre a dhéanfar tar éis MC12 a bheith san áireamh freisin, arb é ba chuspóir dó athléimneacht na gComhaltaí a fheabhsú i gcoinne paindéimí amach anseo.

- **Bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, i gcúinsí phaindéim COVID-19 agus paindéimí eile:** Tá an chaibidlíocht sin mar chuid den phlé atá ar siúl faoi láthair in EDT maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcóras trádála feabhas a chur ar rochtain ar vacsaíní agus ar theiripic COVID-19 ar fud an domhain. An 21 Bealtaine 2021, chuir roinnt Chomhaltaí EDT teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht inar moladh togra athbhreithnithe le haghaidh tarscaoileadh ó fhorálacha áirithe Chomhaontú TRIPS maidir le cosc, srianadh agus cóireáil COVID-19 (IP/C/W/669/Rev.1). An 4 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle Ghinearálta EDT, teachtaireacht maidir le freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19 (WT/GC/231), agus chuir sé teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS dar teideal 'Freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19: an mhaoin intleachtúil' (IP/C/W/680). An 18 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht ina raibh dréacht-Dearbhú maidir le

Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí i gcúinsí paindéime (IP/C/W/681). Is é is aidhm don dréachtdearbhú úsáid an chórais ceadúnaithe riachtanaigh a shoiléiriú nó a éascú, córas dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, chun go n-oibreoidh sé chomh éifeachtúil agus is féidir i gcúinsí paindéime. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist seo, ba cheart don Aontas tacú le toradh i gcomhréir leis na Teachtaireachtaí ón Aontas a luaitear thuas. Chomh maith céanna, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontas, ba cheart é a bheith solúbtha go leor chun nádúr dinimiciúil an phróisis théacs-bhunaithe atá ar siúl faoi láthair a chur san áireamh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an ionstraim a úsáideann an Chomhdháil Aireachta. Go háirithe, ba cheart don Aontas a bheith oscailte i gcónaí chun eilimintí eile a mholann Comhaltaí EDT a ghlacadh, eilimintí arb é is aidhm dóibh úsáid na solúbthachtaí atá ann faoi láthair a fheabhsú nó a shimpliú, solúbthachtaí dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS i gcúinsí phaindéim COVID-19, paindéimí eile nó cúinsí eile géarphráinne a bhaineann leis an tsláinte phoiblí.

- **Feabhas ar thrédhearcacht san earnáil talmhaíochta:** Togra an Aontais (JOB/AG/213) le haghaidh Cinneadh Aireachta maidir le feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta, togra atá comhurraithe ag Ceanada, an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe, creideann an tAontas go láidir go bhféadfadh an togra sin a bheith ina bhunús le cinneadh ag MC12. Cuimsíonn an togra smaointe le haghaidh feabhsuithe trédhearcachta ar fud na hearnála trédhearcachta. Is tionscnamh tábhachtach é seo do MC12 ós rud é gur athléirigh an phaindéim an tábhacht atá ag bhaint le trédhearcacht agus intuarthacht níos mó a bheith ann ó thaobh tacaíocht agus trádáil san earnáil talmhaíochta. D'fhéadfadh an tionscnamh seo a bheith ina ghné iontaofa de chlár oibre na slándála bia, rud a thug Ard-Stiúrthóir EDT le fios gur tosaíocht é le haghaidh MC12.

- **Tacaíocht intíre san earnáil talmhaíochta:** An chaibidlíocht maidir le tacaíocht intíre a dhéanann saobhadh ar an trádáil, tá sí leabaithe in Airteagal 20 de Chomhaontú EDT um an Talmhaíocht agus tá sí mar chuid de Chlár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA) mar a leagtar amach i nDearbhú Aireachta Doha an 14 Samhain 2001 (WT/MIN(01)/DEC/1). I bhfianaise éagsúlacht na seasamh ó thaobh na caibidlíochta de, feictear don Aontas gurbh fhéidir gurbh é a bheadh mar thoradh ar an gcaibidlíocht, clár oibre iar-MC12 maidir le hathchóiriú ar an tacaíocht intíre a dhéanann saobhadh ar an trádáil.

- **Stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha na slándála bia:** Is é is aidhm don chaibidlíocht 'réiteach buan' a chomhaontú a chomhlíonfaidh an sprioc a leagadh amach i gCinneadh Aireachta Bali an 7 Nollaig 2013 maidir le Stocshealbhaíocht Phoiblí chun críocha na Slándála Bia (WT/MIN(13)/38-WT/L/913), arna léirmhíniú ag an gCinneadh ón gComhairle Ghinearálta an 27 Samhain 2014 ina dhiaidh sin (WT/L/939). Athdhearbhaíodh an sprioc sin i gCinneadh Aireachta Nairobi an 19 Nollaig 2015 (WT/MIN(15)/44-WT/L/979). D'fhéadfadh an tsaincheist sin a bheith mar chuid den chlár oibre maidir leis an tacaíocht intíre.

- **Srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta:** An chaibidlíocht maidir le srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta, lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú, is rud é sin a léirigh go dtacaíonn cuid mhór de Chomhaltaí EDT leis an ngealltanas gan srianta den sórt sin a fhorchur ar cheannacháin a dhéantar chun críoch daonnúil. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tacú leis an togra le haghaidh Cinneadh Aireachta ar an ábhar sin, ar rud é a d'fhéadfadh a bheith ina

eilimint thábhachtach de chuid phacáiste slándála bia ag MC12. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

- **Iomaíocht onnmhairiúcháin san earnáil talmhaíochta:** Cé go bhfuil feabhsuithe á lorg againn ar thrédhearcacht agus ar dhisciplíní araon san iomaíocht onnmhairiúcháin, léiríonn an chaibidlíocht gur lú an spéis atá ann. Mar sin féin, tá seans áirithe ann dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh feabhsuithe trédhearcachta de in MC12. Go deimhin, chuir an tAontas roinnt smaointe ina leith sin ina thogra comhurraithe (JOB/AG/213) le haghaidh Cinneadh Aireachta maidir le feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta. Ina theannta sin, i réimse na hiomaíochta onnmhairiúcháin, tá athbhreithniú tríbhliantúil ar Chinneadh Nairobi maidir leis an Iomaíocht Onnmhairiúcháin (WT/MIN(15/45) ar siúl faoi láthair sa ghnáth-Choiste um an Talmhaíocht, mar a shainordaítear i mír 5 den chinneadh sin. Is é is cuspóir dó sin athbhreithniú a dhéanamh ar na disciplíní atá sa chinneadh. Comhaontaíodh an t-athbhreithniú a chur siar go dtí an chéad chruinniú eile den Choiste um an Talmhaíocht i mí an Mhárta 2022. D'fhéadfadh sé go mbeadh cinneadh ar leibhéal Aireachta ag MC12 ag teastáil le haghaidh an chomhaontaithe sin. Tacaíonn an tAontas leis an gcur siar sin.
- **Rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta:** Léirigh an plé ar an gcaibidlíocht maidir le rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta nach bhfuil aon fonn ná seans ann i ndáiríre chun an chaibidlíocht maidir le laghdú taraifí a atosú in EDT go luath. Mar sin féin, tá moltaí déanta ag cuid de Chomhaltaí EDT arb é is aidhm dóibh tús a chur leis an gcaibidlíocht tar éis MC12, lena n-áirítear togra i réimse an tsimplithe taraifí ina bhfuil ríomh na gCoibhéisí *Ad Valorem* (AVEanna). Feictear don Aontas nach féidir ach gnéithe trédhearcachta a bheith sa toradh ón bplé maidir le rochtain ar an margadh. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an togra (JOB/AG/212) ón Astráil, ón mBrasaíl, ó Cheanada agus ón Úcráin maidir le trédhearcacht ó thaobh athruithe taraife arna gcur i bhfeidhm agus i ndáil le cóireáil na n-earraí atá *en route*, ar rud é a dtacaíonn an tAontas leis. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.
- **Sásra coimirce speisialta (SSM) san earnáil talmhaíochta:** I bhfianaise éagsúlacht na seasamh agus easpa rannpháirtíochta na gComhaltaí, níltear ag súil le haon toradh ag MC12. Mar sin féin, tá sainleas ag an Aontas Eorpach a áirithiú nach ndéanfar SSM a chaibidliú mar ghné neamhspleách ach go mbeidh sé mar chuid den chaibidlíocht níos leithe maidir le rochtain ar an margadh.
- **Athbhreithniú ar an gCinneadh Bali maidir le Taraif-Chuótaí (TRQ):** Ba cheart toradh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2021 ón bplé maidir le hathbhreithniú ar na forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht (WT/MIN(13)/39, WT/L/914). Cumhdach éagothrom an chinnidh atá ann i láthair na huaire lena ndíolmhaítear SAM agus na tíortha is lú forbairt ón sásra tearclíonta, níl sé inghlactha. Ó tharla go mbíonn an plé ar siúl sa ghnáth-Choiste um an Talmhaíocht, is féidir go nglacfaí le toradh ar leibhéal na Comhairle Ginearálta seachas ar leibhéal Aireachta. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.
- **An cadás:** I bhfianaise na héagsúlachta ó thaobh na seasamh de, d'fhéadfadh sé gur roinnt feabhsuithe trédhearcachta a bheadh sa toradh is dóichí ar MC12. Chuir an tAontas plean maidir le trédhearcacht in earnáil an chadáis ina thogra comhurraithe

(JOB/AG/213) le haghaidh Cinneadh Aireachta maidir le feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta.

- **Na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus Cóireáil speisialta, dhifreálaithe (SDT):** Is cuid de DDA í an chaibidlíocht maidir le forálacha na Cóireála Speisialta, Difreálaithe agus d'fhéadfadh sé go ndéanfadh toradh ar MC12 soiléiriú ar fhorálacha atá ann cheana nó SDT breise a thabhairt don ghrúpa LDC agus b'fhéidir do Chomhaltaí EDT leochaileacha eile freisin. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist seo, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe.

- **Fógraí:** Ó tharla go bhfuil gá le feabhas a chur leis an trédhearcacht agus le comhlíonadh na gceanglas maidir le fógraí atá ann faoi láthair, chuir an tAontas togra chun cinn le haghaidh Cinneadh ón gComhairle Aireachta maidir le Trédhearcacht a Fheabhsú agus Comhlíonadh Cheanglas na bhFógraí a Fheabhsú faoi Chomhaontuithe EDT (JOB/GC/204/Rev.7). Tá an chaibidlíocht ar siúl faoi láthair agus ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

- **Saincheisteanna trádála:** Agus é ag iarraidh feabhas a chur ar éifeacht obair na ngnáthchomhairlí agus na ngnáthchoistí de chuid EDT, eadhon a mhéid a bhaineann le saincheisteanna trádála, chuir an tAontas togra faoi bhráid EDT le haghaidh Cinneadh ón gComhairle Ghinearálta maidir le Treoirlínte Nós Imeachta le haghaidh Comhairlí agus Coistí EDT um Shaincheisteanna Trádála (WT/GC/W/777/Rev.6). Tá an chaibidlíocht ar siúl faoi láthair agus ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

Ó tharla go bhfuil an chaibidlíocht ar siúl faoi láthair maidir le gach gné a luaitear thuas, measann an Coimisiún go ndéanfaidh an Chomhairle a chinneadh maidir le seasamh an Aontais i leith toradh na caibidlíochta a luaithe a bheidh soiléireacht ann ó thaobh an staid a bhaineann leis na téacsanna ábhartha le linn na Comhdhála Aireachta féin.

Tá an tionscnamh ag teacht go hiomlán leis na forálacha beartais atá ann faoi láthair. Ullmhaíodh cinntí comhchosúla le haghaidh Comhdhálacha Aireachta EDT a tharla roimhe seo, lena n-áirítear an 11ú Comhdháil Aireachta EDT in 2017, arb é an ceann is deireanaí a reáchtáladh.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Áirítear ar na *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo'* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh *'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'*[3].

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhdháil Aireachta EDT, arna bhunú le comhaontú, eadhon Comhaontú EDT, a bhfuil sé d'údarás aige, de réir Airteagal IV:1 de Chomhaontú EDT, cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na comhaontuithe trádála iltaobhacha, lena n-áirítear cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Na gníomhartha atá beartaithe a luaitear thuas, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo ós rud é go bhféadfaidís difear a dhéanamh do chearta agus d'oibleagáidí an Aontais.

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad a dhéanann creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Na prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála, toisc gur faoina raon feidhme a thagann na cinntí atá beartaithe maidir le saincheisteanna DDA.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2021/0350 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a rinne an tAontas Comhaontú Marrakech a thabhairt i gcrích, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT')[4], agus tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bun Airteagail IV:1 agus IX:1 de Chomhaontú EDT, féadfaidh Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') cinntí a ghlacadh de chomhdhearcadh.

(3) Le linn a 12ú cruinniú ón 30 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2021, féadfaidh Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála cinntí a ghlacadh maidir le fóirdheontais iascaigh, trádáil agus sláinte, bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá fhoráiltear i gComhaontú TRIPS, i gcúinsí phaindéim COVID-19 agus paindéimí eile, feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta, tacaíocht intíre don earnáil talmhaíochta, stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha na slándála bia, srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú, iomaíocht onnmhairiúcháin san earnáil talmhaíochta, rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta, an sásra speisialta um choimirciú san earnáil talmhaíochta, an t-athbhreithniú ar Chinneadh Bali maidir le Taraif-Chuótaí (TQR), an cadás, na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus cóireáil speisialta, dhifreálaithe (SDT), fógraí, agus saincheisteanna trádála.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Comhdháil Aireachta EDT a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí ina gceangal ar an Aontas.

(5) Tá an chaibidlíocht maidir leis na hiascaigh mar chuid de Chlár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA) agus sainaithníodh í mar thosaíocht do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 na Náisiún Aontaithe, Sprioc 6 ('SDG 14.6'), arna comhaontú ag na Cinn Stáit in 2015 agus ag Cinneadh Aireachta EDT an 13 Nollaig 2017 (WT/MIN(17)/64). I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin maidir leis an trádáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe agus ó tharla go bhfuil an tAontas ar cheann de na tacadóirí, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

[4] IO L 336, 23.12.1994, lch. 1.

(6) Cuireadh tús leis an bplé ar shaincheisteanna Trádála agus Sláinte in 2020 le togra an 24 Samhain 2020 ó 13 thír a bhí ar aon intinn in EDT (ar a dtugtar Grúpa Ottawa) (WTO/GC/223) maidir le 'Tionscnamh Trádála agus Sláinte' a chomhaontú mar fhreagairt ar an bpaindéim atá ann faoi láthair agus ar phaindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Bhí an tAontas Eorpach ar cheann de na chéad tacadóirí a thacaigh leis an tionscnamh. Moladh togra athbhreithnithe le haghaidh dréacht-Dearbhú ón gComhairle Ghinearálta os comhair EDT an 15 Iúil 2021 (WT/GC/W/823) maidir leis an bhfreagairt bheartais trádála ar phaindéim COVID-19 agus chun an tseasmhacht i gcoinne phaindéimí amach anseo a fheabhsú. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas tacú le toradh sa réimse sin.

(7) An chaibidlíocht maidir le bearta a bhaineann leis an maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, i gcúinsí paindéime, lena n-áirítear paindéim COVID-19, is cuid den phlé lárnach in EDT í an chaibidlíocht sin maidir le conas is féidir leis an gcóras trádála rochtain ar vacsaíní agus ar theiripic COVID-19 a fheabhsú ar fud an domhain. An 21 Bealtaine 2021, chuir roinnt Chomhaltaí EDT teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht inar moladh togra athbhreithnithe le haghaidh tarscaoileadh ó fhorálacha áirithe Chomhaontú TRIPS maidir le cosc, srianadh agus cóireáil COVID-19 (IP/C/W/669/Rev.1). An 4 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle Ghinearálta EDT, teachtaireacht maidir le freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19 (WT/GC/231), agus chuir sé teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS dar teideal 'Freagarthaí beartais trádála práinneacha ar ghéarchéim COVID-19: an mhaoin intleachtúil' (IP/C/W/680). An 18 Meitheamh 2021, chuir an tAontas teachtaireacht faoi bhráid Chomhairle EDT um TRIPS, teachtaireacht ina raibh dréacht-Dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus leis an tSláinte Phoiblí i gcúinsí paindéime (IP/C/W/681), rud arb é is aidhm dó úsáid an chórais ceadúnaithe riachtanaigh a shoiléiriú nó a éascú, córas dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS, chun go n-oibreoidh sé chomh héifeachtúil agus is féidir i gcúinsí paindéime. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas tacú le toradh i gcomhréir leis na Teachtaireachtaí ón Aontas a luaitear thuas. Chomh maith céanna, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontas, ba cheart é a bheith solúbtha go leor chun nádúr dinimiciúil an phróisis théacs-bhunaithe atá ar siúl faoi láthair a chur san áireamh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an ionstraim a úsáideann an Chomhdháil Aireachta. Go háirithe, ba cheart don Aontas a bheith oscailte i gcónaí chun eilimintí eile a mholann Comhaltaí EDT a ghlacadh, eilimintí arb é is aidhm dóibh úsáid na solúbthachtaí atá ann faoi láthair a fheabhsú nó a shimpliú, solúbthachtaí dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS i gcúinsí phaindéim COVID-19, paindéimí eile nó cúinsí eile géarphráinne a bhaineann leis an tsláinte phoiblí.

(8) Tá aird á tabhairt arís ar an gcaibidlíocht maidir le feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta mar shaincheist trasghearrtha i ngeall ar phaindéim COVID-19 de bharr na caoi ar chuidigh sí le sreafa trádála a choinneáil ar oscailt. Is riachtanach an eilimint í an trédhearcacht ó thaobh faireachán a dhéanamh ar na hoibleagáidí faoin gComhaontú ar an Talmhaíocht, ó thaobh eolas a dhéanamh don chaibidlíocht agus ó thaobh margaí agus trádáil talmhaíochta atá cothrom, éifeachtach agus athléimneach a áirithiú. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, tá togra curtha le chéile ag an Aontas, i gcomhar le Ceanada, leis an tSeapáin agus leis na Stáit Aontaithe, maidir le Cinneadh Aireachta i leith feabhsuithe trédhearcachta san earnáil talmhaíochta (JOB/AG/213) agus dá bhrí sin ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe.

(9) An chaibidlíocht maidir le tacaíocht intíre a dhéanann saobhadh ar an trádáil, tá sí leabaithe in Airteagal 20 de Chomhaontú EDT maidir leis an Talmhaíocht, agus bhí siad mar chuid de shainordú DDA, mar a leagtar amach i nDearbhú Aireachta Doha an 14 Samhain 2001 (WT/MIN(01)/DEC/1). I bhfianaise éagsúlacht na seasamh ó thaobh na caibidlíochta de, feictear don Aontas gurbh fhéidir gurbh é a bheadh mar thoradh ar an gcaibidlíocht, clár oibre iar-MC12 maidir le hathchóiriú ar an tacaíocht intíre a dhéanann saobhadh ar an trádáil. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas tacú le toradh sa réimse sin.

(10) Is é is aidhm don chaibidlíocht ‘réiteach buan’ a chomhaontú a chomhlíonfaidh an sprioc a leagadh amach i gCinneadh Aireachta Bali an 7 Nollaig 2013 maidir le Stocshealbhaíocht Phoiblí chun críocha na Slándála Bia (WT/MIN(13)/38-WT/L/913), arna léirmhíniú ag an gCinneadh ón gComhairle Ghinearálta an 27 Samhain 2014 ina dhiaidh sin (WT/L/939). Athdhearbhaíodh an sprioc sin i gCinneadh Aireachta Nairobi an 19 Nollaig 2015 (WT/MIN(15)/44-WT/L/979). I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist sin, ba cheart don Aontas tacú le toradh sa réimse sin. D’fhéadfadh an tsaincheist sin a bheith mar chuid den chlár oibre maidir leis an tacaíocht intíre.

(11) An chaibidlíocht maidir le srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta, lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú, is rud é sin a léirigh go dtacaíonn cuid mhór de Chomhaltaí EDT leis an ngealltanas gan srianta den sórt sin a fhorchur ar cheannacháin a dhéantar chun críoch daonnúil. I bhfianaise an togra le haghaidh Cinneadh Aireachta maidir leis an ábhar sin agus ó tharla gur eilimint tábhachtach é sin de phacáiste slándála bia ag MC12, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

(12) Tá athbhreithniú tríbhliantúil ar na disciplíní atá i gCinneadh Nairobi maidir le hIomaíocht Onnmhairiúcháin (WT/MIN(15/45) ar siúl faoi láthair sa ghnáth-Choiste um an Talmhaíocht, mar a shainordaítear i mír 5 den chinneadh sin. Comhaontaíodh an t-athbhreithniú a chur siar go dtí an chéad chruinniú eile den Choiste um an Talmhaíocht i mí an Mhárta 2022. D’fhéadfadh sé go mbeadh cinneadh ar leibhéal Aireachta ag MC12 ag teastáil le haghaidh an chomhaontaithe sin. Tacaíonn an tAontas leis an gcur siar sin. Thairis sin, léirigh an plé go bhfuil spéis ar leith ag Comhaltaí EDT i bhfeabhsuithe trédhearcachta ó thaobh iomaíocht onnmhairiúcháin de. Go deimhin, chuir an tAontas roinnt smaointe ina leith sin ina thogra comhurraithe (JOB/AG/213) le haghaidh Cinneadh Aireachta maidir le feabhsuithe trédhearcachta sa talmhaíocht. Ó tharla go raibh an tAontas ar cheann de na tacadóirí, ba cheart dó tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

(13) Léirigh an plé ar an gcaibidlíocht maidir le rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta nach bhfuil aon fonn ná seans ann i ndáiríre chun an chaibidlíocht maidir le laghdú taraifí a atosú in EDT go luath. Mar sin féin, tá moltaí déanta ag cuid de Chomhaltaí EDT arb é is aidhm dóibh tús a chur leis an gcaibidlíocht tar éis MC12, lena n-áirítear togra i réimse an tsimplithe taraifí ina bhfuil ríomh na gCoibhéisí *Ad Valorem* (AVEanna). Feictear don Aontas nach féidir ach gnéithe trédhearcachta a bheith sa toradh ón bplé maidir le rochtain ar an margadh. Ba cheart a áireamh leis sin an togra (JOB/AG/212) ón Astráil, ón mBrasaíl, ó Cheanada agus ón Úcráin maidir le trédhearcacht ó thaobh athruithe taraifí de arna gcur i bhfeidhm agus maidir le cóireáil na n-earraí *en route*, ar rudaí iad a dtacaíonn an tAontas leo. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

(14) Leanadh den phlé maidir leis an Sásra Coimirce Speisialta (SSM) san earnáil talmhaíochta de bhun na dtograí atá molta agus de bhun Chinneadh Aireachta Nairobi

(WT/MIN(15)/43 – WT/L/978). I bhfianaise éagsúlacht na seasamh agus easpa rannpháirtíochta na gComhaltaí, níltear ag súil le haon toradh ag MC12. Mar sin féin, tá sainleas ag an Aontas Eorpach a áirithiú nach ndéanfar SSM a chaibidliú mar ghné neamhspleách. Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas tacú le toradh maidir le SSM ach amháin más cuid den chaibidlíocht níos leithne maidir le rochtain ar an margadh é.

(15) Ba cheart toradh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2021 ón bplé maidir le hathbhreithniú ar na forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht (WT/MIN(13)/39, WT/L/914). Cumhdach éagothrom an chinnidh atá ann i láthair na huaire lena ndíolmhaítear SAM agus na tíortha is lú forbairt ón sásra tearclíonta, níl sé inghlactha. Ó tharla go mbíonn an plé ar siúl sa ghnáth-Choiste um an Talmhaíocht, is féidir go nglacfaí le toradh ar leibhéal na Comhairle Ginearálta seachas ar leibhéal Aireachta. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

(16) Leanadh leis an plé maidir leis an gcadás sa chreat a bunaíodh i míreanna 5, 6 agus 7 de Chinneadh Aireachta Bali maidir leis an gCadás (WT/MIN(13)/41 - WT/L/916) agus i mír 14 de Chinneadh Aireachta Nairobi maidir leis an gCadás (WT/MIN(15)/46 - WT/L/981). I bhfianaise éagsúlacht na seasamh ó thaobh na caibidlíochta de, d'fhéadfadh sé gur roinnt feabhsuithe trédhearcachta a bheadh sa toradh ba dhóichí ar MC12. Ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe ina leith sin.

(17) Is cuid de DDA í an chaibidlíocht maidir le forálacha na Cóireála Speisialta, Difreálaithe agus d'fhéadfadh sé go ndéanfadh toradh ó MC12 soiléiriú ar fhorálacha atá ann cheana nó SDT breise a thabhairt don ghrúpa LDC agus b'fhéidir do chomhalta EDT leochaileacha eile freisin. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist seo, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe.

(18) Tá an chaibidlíocht maidir le fógraí fós ar siúl sa Chomhairle Ghinearálta a mhéid a bhaineann le tograí le haghaidh Cinneadh ón gComhairle Ghinearálta i leith Nósanna Imeachta chun Trédhearcacht a Fheabhsú agus Comhlíonadh Cheanglas na bhFógraí a Fheabhsú faoi Chomhaontuithe EDT (JOB/GC/204/Rev.7). I bhfianaise a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar chomhlíonadh na gceanglas atá ann cheana i leith na bhfógraí, agus i bhfianaise ról an Aontais mar cheann de thacadóirí an togra, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe sa réimse sin.

(19) Tá an chaibidlíocht maidir le saincheisteanna trádála fós ar siúl sa Chomhairle Ghinearálta a mhéid a bhaineann leis an gCinneadh maidir le Treoirlínte Nós Imeachta le haghaidh Comhairlí agus Coistí EDT um Shaincheisteanna Trádála (WT/GC/W/777/Rev.6). I bhfianaise a thábhachtaí atá sé éifeachtacht obair na ngnáthchomhairlí agus na ngnáthchoistí de chuid EDT a neartú, go suntasach a mhéid a bhaineann le breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna trádála, agus i bhfianaise ról an Aontais mar cheann de thacadóirí an togra, ba cheart don Aontas tacú le toradh comhaontaithe sa réimse sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 12ú seisiún de Chomhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála, is éard a bheidh ann:

Páirt a ghlacadh sa chomhdhearcadh a dhéantar i measc chomhaltaí EDT d'fhonn cinntí a ghlacadh maidir le fóirdheontais iascaigh, trádáil agus sláinte, agus bearta a bhaineann leis an

maoin intleachtúil, rud dá bhforáiltear sa Chomhaontú TRIPS, i gcúinsí phaindéim COVID-19 agus paindéimí eile, feabhsú trédhearcachta san earnáil talmhaíochta, tacaíocht intíre don earnáil talmhaíochta, stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha na slándála bia, srianta ar onnmhairiú san earnáil talmhaíochta lena n-áirítear díolúine an Chláir Dhomhanda Bia ó shrianta ar onnmhairiú, iomaíocht onnmhairiúcháin san earnáil talmhaíochta, rochtain ar an margadh san earnáil talmhaíochta, an sásra speisialta um choimirciú san earnáil talmhaíochta, an t-athbhreithniú ar Chinneadh Bali maidir le Taraif-Chuótaí[5], an cadás, na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus cóireáil speisialta, dhifreálaithe (SDT), fógraí, agus saincheisteanna trádála.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[5] Ag féachaint d'Airteagal IV:2, an dara habairt, de Chomhaontú EDT, áirítear air sin comhdhearcadh a d'fhéadfaí a bhaint amach i measc chomhaltaí EDT i leith cinneadh a ghlacadh ar an Athbhreithniú ar an gComhthuiscint maidir le forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta, mar a shainítear in Airteagal 2 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht (WT/MIN(13)/39, WT/L/914)) (Cinneadh Bali maidir le Taraif-Chuótaí (TRQ) le linn cruinniú den Chomhairle Ghinearálta.